

AN MHAIGHDEAN BHEANNAITHE MUIRE
MÁTHAIR NA HEAGLAISE

CUIMHNEAMH ARNA CHUR
LEIS AN BHFÉILIRE GINEARÁLTA RÓMHÁNACH

CUIMHNEAMH NA MAIGHDINE BEANNAITHE MUIRE MÁTHAIR NA HEAGLAISE

AN CHUALLACHT UM CHULTAS DIAGA
AGUS UM DHISCIPLÍN NA SACRAIMINTÍ

Prót. Uimh. 00/18

FORAITHNE

UM CHEILIÚRADH NA MAIGHDINE BEANNAITHE MUIRE
MÁTHAIR NA HEAGLAISE
SAN FHÉILIRE GINEARÁLTA RÓMHÁNACH

Nuair a smaoiníonn Eaglais na linne seo ar rúndiamhair Chríost agus a nádúir, ní féidir leis an urrainm lúcháireach atá aici do Mháthair Dé neamhshuim a dhéanamh den Bhean úd (Gal. 4.4), an Mhaighdean Mhuire, arb í Máthair Chríost agus Máthair na hEaglaise araon í.

Ar bhealach áirithe bhí sé sin cheana féin i láthair in aigne na hEaglaise agus é arna thuar i mbriathra Naomh Agaistín agus Naomh Leon Mór. Óir dúirt an chéad duine den bheirt sin gurbh í Muire máthair bhaill Chríost mar gur chomhoibrigh sí go carthanach le go mbéarfaí na fíréin san Eaglais; agus nuair a dúirt an dara duine díobh gurbh í breith an Chinn breith na Colainne, chuir sé in iúl gurbh í Muire Máthair Chríost, Mac Dé, agus san am céanna gurbh í máthair bhaill an Choirp Mhistiúil, is í sin an Eaglais, í. Tagann na tuiscintí seo ó mháithreachas diaga Mhuire agus ón dlúthbhaint a bhí aici le saothar an tSlánaitheora a shroich a bhuaic in uair na Croise.

Go deimhin ghlac an Mháthair, agus í ina seasamh le hais na croise (cf. Eoin 19.25), le tiomna carthanachta a Mic trínar ghabh sí leis an uile dhuine, arna phearsantú sa deisceabal ionúin, mar mhac nó mar iníon a bhí le hathbhreith chun na beatha diaga. Bhí sí le bheith ina buime cheanúil ag an Eaglais a ghin Críost ar an gcros agus an Spiorad á thíolacadh aige. Agus ansin cheap Críost sa dheisceabal ionúin na daoine eile go léir lena ghrá féin dá Mháthair a riar agus í á cur faoina gcúram aige chun go gcumhdóidís í le gean mac agus iníonacha.

Dá bhrí sin, mar shólásaí agus mar threoraí ag an Eaglais óg, ghlac Muire lena cúraimí máthar sa seomra uachtair agus í ag guí in éineacht leis na hAspail a bhí ag dréim le teacht an Spioraid Naoimh (cf. Gníomh. 1.14). Sa chiall seo, le linn na n-aoiseanna, thug an chráifeacht Chríostaí onóir do Mhuire le teidil éagsúla, leithéidí Máthair na ndeisceabal, na bhfíréan, na gcreidmheach, na muintire uile atá arna n-athbhreith i gCríost, teidil atá ar comhbhrí le chéile ar shlí, agus fiú leis an teideal ‘Máthair na hEaglaise’ atá arna úsáid i dtéacsanna de chuid scríbhneoirí spioradálta agus de chuid theagasc údarásach na bPápaí Beinidict XIV agus Leon XIII.

Is léir gurb é seo an bunús a bhí ag an bPápa Naomh Pól VI lena fhógairt, ag deireadh an tríú Seisiún de dhara Comhairle na Vatacáine ar an 21 Samhain 1964, gurb í an Mhaighdean Beannaithe Mhuire ‘Máthair na hEaglaise, is é sin, Máthair an phobail Chríostaí ar fad idir fhíréin agus Tréadaithe a thugann an Mháthair róghrámhar uirthi’, agus lena ordú ‘go dtabharfadh an pobal Críostaí uile feasta urraim níos mó fós do Mháthair Dé leis an ainm rómhilis seo.’

Dá bhrí sin, i mBliain Naofa an Athmhuintearais (1975) chinn an Suí Aspalda ar Aifreann móideach Mhuire Beannaithe Máthair na hEaglaise a chur ar fáil agus cuireadh é sin isteach in *An Leabhar Aifrin Rómhánach* ansin. Chomh maith leis sin dheonaigh sé údarás achainí faoin teideal sin a chur isteach i Liodán Loreto (1980) agus d’fhoilsigh sé foirmleáirí eile in *Díolaim d’Aifrin na Maighdine Beannaithe Muire* (2000); agus thug sé cead freisin do náisiúin, do dheoisí agus do chuallachtaí reiligiúnacha a d’iarr é an ceiliúradh seo a chur isteach ina bhFéilire pairicleártha.

Ansin, tar éis don Ardphontaif Proinsias a mheá go cúramach a mhéad agus a d’fhéadfadh cothú na deabhóide seo cuidiú le forbairt na tuisceana máithriúla den Eaglais agus na fíorchráifeachta Muirí sna Tréadaithe, sna daoine rialta agus sna fíréin, d’ordaigh sé go gcuirfí cuimhneamh na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair na hEaglaise, isteach san Fhéilire Rómhánach ar an Luan tar éis na Cincise agus go gceiliúrfaí é gach bliain.

Cuideoidh an ceiliúradh seo linn cuimhneamh, chun go bhféadfadh an bheatha Chríostaí fás, gur chóir go mbeadh sí feistithe go daingean i rúndiamhair na Croise, in íobairt Chríost sa fhleá eocairisteach, sa Mhaighdean á hofráil féin agus i Máthair an tSlánaitheora agus na muintire slánaithe.

Dá bhrí sin, ní mór an cuimhneamh nua seo a chur isteach sna Féilirí go léir agus sna Leabhair liotúirgeacha le haghaidh cheiliúradh an Aifrin agus Liotúirge na dTráth. Na

téacsanna liotúirgeacha atá le húsáid, tá siad i gceangal leis an bhforaithne seo, agus ní mór do na Comhdhálacha Easpag iad a chur á n-aistriú, iad a fhaomhadh agus iad a fhoilsiú arna ndearbhú ag an Diceaistír seo.

Áit a gceiliúrtar, de réir dlí phairticleártha atá arna fhaomhadh i gceart, ceiliúradh na Maighdine Beannaithe Muire, Máthair na hEaglaise, ar mhalairt lae agus ar ghrád níos airde, is féidir é a cheiliúradh ar an tslí chéanna feasta.

Níl éifeacht chealaithe ar na socruithe seo ag malairt dlí ar bith.

Arna fhoilsiú ó oifigí na Cuallachta um Chultas Diaga agus um Dhisiplín na Sacraimintí, 11 Feabhra 2018, lá chuimhneamh na Maighdine Beannaithe Muire Lourdes.

Robert Caird. Sarah
Reachtair

+ Arturus Roche
Rúnaí Ardeaspaig

AN FÉILIRE GINEARÁLTA RÓMHÁNACH

MEITHEAMH

Dé Luain tar éis na Cincíse

An Mhaighdean Bheannaithe Muire, Máthair na hEaglaise

Cuimhneamh

AN LEABHAR AIFRINN RÓMHÁNACH

Dé Luain tar éis na Cincíse

An Mhaighdean Bheannaithe Muire, Máthair na hEaglaise

Cuimhneamh

Is é Aifreann Mhuire Bheannaithe Máthair na hEaglaise a úsáidtear (lch 1489)

Dé Luain tar éis na Cincíse

An Mhaighdean Bheannaithe Muire, Máthair na hEaglaise

AN CHÉAD LÉACHT **Gein. 3, 9-15. 20:** *‘Máthair na mbeo go léir’*

[Tar éis d’Ádhamh cuid de thoradh an chrainn a ithe] ghlaigh an Tiarna Dia air agus dúirt sé leis: ‘Cá bhfuil tú?’ D’fhreagair sé: ‘Chuala mé do ghuth sa ghairdín agus bhí eagla orm mar go raibh mé nocht, agus chuaigh mé i bhfolach.’ ‘Cé a dúirt leat,’ ar seisean, ‘go raibh tú nocht? An ag ithe a bhí tú den chrann a d’aithin mé duit gan ithe de?’ ‘An bhean a thug tú dom mar chéile,’ arsa an fear, ‘ise a thug toradh as an gcrann dom, agus d’ith mé é.’ ‘Agus dúirt an Tiarna Dia leis an mbean: ‘Cad é seo atá déanta agat?’ D’fhreagair an bhean: ‘Mheall an nathair mé agus d’ith mé.’

Dúirt an Tiarna Dia leis an nathair:

‘De bhrí go ndearna tú an rud seo
go raibh mallacht ort thar an eallach go léir,
thar na hainmhithe allta go léir;
beidh tú ag sní ar do bholg
agus ag ithe cré,
gach lá de do shaol.
Cuirfidh mé naimhdeas
idir tú agus an bhean,
idir do shíolsa agus a síolsa.
Brúfaidh sé do cheann
agus brúfaidh tusa a sháil.

Thug an fear Éabha ar a bhean mar gurb í máthair na mbeo go léir í.

nó:

Gníomh. 1, 12-14: *‘Lean siad go léir ag guí gan staonadh le Muire máthair Íosa’*

[Ar Íosa a bheith tógtha suas ar neamh,] ar ais leis na hAspail go Iarúsailéim ó Chnoc na nOlóg mar a thugtar air, cnoc atá i ngiorracht siúl lá sabóide do Iarúsailéim. Nuair a shroich siad an chathair chuaigh siad in airde go dtí an seomra uachtarach mar a raibh siad ag baint fúthu: bhí Peadar ann, Eoin agus Séamas, Aindrias, Pilib agus Tomás, Parthalán, Matha agus Séamas Alfáias, Síomón Díograiseach agus Iúdás Shéamais. Lean siadsan go léir ag guí gan staonadh le chéile mar aon le mná áirithe agus le Muire máthair Íosa agus lena bhráithre.

SALM LOINNEOGACH **Salm 86 (87)**, 1-2, 3 agus 5, 6-7

L. (3) Maítear nithe glórmhara i do thaobh, a chathair Dé.

Is ionúin leis an Tiarna a chathair
suite sna sléibhte.
Is ansa leis an Tiarna doirse Shíón
ná bothanna uile Iacóib.

Maítear nithe glórmhara i do thaobh,
a chathair Dé!
Agus beifear á rá faoi Shíón:
'Is í is máthair dó seo is dó siúd.'
Is é an Tiarna, an Té is airde,
a bhunaigh go daingean í.

Scríobhfaidh an Tiarna i leabhar na bpobal:
'Rugadh iad uile san áit sin.'
Ag rince dóibh beidh siad ag canadh:
'Níl foinse agam nach bhfuil ionatsa.'

ALLELUIA

A Mhaighdean lúcháireach ar rugadh an Tiarna duit;
a Mháthair bheannaithe na hEaglaise
a oileann ionainn Spiorad
do Mhic, Íosa Críost!

AN SOISCÉAL

Eoin 19: 25-34: *Sin é do mhac. Sin í do mháthair.*

San am sin, bhí ina seasamh le hais chros Íosa, a mháthair, agus deirfiúr a mháthar, Máire Chlópas, agus Máire Mhaigdiléana. Nuair a chonaic Íosa a mháthair agus an deisceabal a ghráigh sé ina seasamh lena hais, dúirt sé lena mháthair: 'A bhean, sin é do mhac.' Ansin dúirt sé leis an deisceabal: 'Sin í do mháthair.' Agus ón uair sin amach ghlac an deisceabal isteach ina bhaile féin í.

Tar éis an méid sin, ó bhí a fhios ag Íosa go raibh gach ní déanta feasta, chun go gcomhlíonfaí an scríoptúr, dúirt sé: 'Tá tart orm.' Bhí soitheach ansiúd lán d'fhinéagar. Thum siad spúinse as an bhfinéagar agus chuir siad ar bharr chraobh iosóipe é, agus chuir siad chun a bhéil é. Tar éis dó an finéagar a ghlacadh dúirt Íosa: 'Tá sé curtha i gcrích.' Chrom sé a cheann agus thug uaidh a spiorad.

Ba é lá an ullmhaithe é, agus ionas nach bhfanfadh na coirp ar chros le linn na sabóide – óir ba lá mór sollúnta an tsabóid sin – rinne siad achainí ar Phóiláit go ndéanfaí na lorgaí a bhriseadh agus na coirp a chartadh as an tslí. Mar sin tháinig na saighdiúirí agus bhris siad lorgaí an chéad duine agus an duine eile a céasadh mar aon leis. Ar theacht dóibh go dtí Íosa, áfach, ó chonaic siad go raibh sé marbh cheana féin, níor bhris siad a lorgaí, ach rinne duine de na saighdiúirí

a chliathán a tholladh le sleá, agus tháinig fuil agus uisce amach as láithreach.